C/2026/1948

7.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1948)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pays des Bouches-du-Rhône'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1223-AM02 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

'Pays des Bouches-du-Rhône'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad i gceist leis an iarratas ar leasú ar an TGFC; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéir gheografacha ina ndéantar na hoibríochtaí

Tuairisc

I gCaibidil 1 den tsonraíocht táirge, leasaíodh pointe 4.1 'Limistéar geografach' agus pointe 4.2 'Limistéar díreach in aice láimhe' chun tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2025 a áireamh.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2025 den Chód Tíreolaíoch Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil do theorannú an limistéir gheografaigh agus an limistéir atá díreach in aice láimhe.

Maidir leis an limistéar atá díreach in aice láimhe, athraíodh an liosta ceantar, gan athrú, go liosta bardas.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – Limistéar díreach in aice láimhe'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

I gCaibidil 1 den tsonraíocht táirge, faoi phointe 5 'Cineálacha fíniúna', cuireadh na cineálacha seo a leanas leis an liosta cineálacha a fhéadfar a úsáid chun TGFC Pays des Bouches-du-Rhône a dhéanamh:

— 8 gcineál atá fulangach ar ghalair fhungasacha: Opalor B, Selenor B, Coliris N, Sirano N, Lilaro N, Fleurtai B, UD55.100, UD31.125;

— 12 chineál atá fulangach ar thriomach: Assyrtiko B, Xinomavro N, Verdejo B, Agiorgitiko B, Xarello B, Tourbat B, Montepulcinao N, Nero d'Avola N/Calabrese, Moschofilero Rs, Touriga Nacional N, Saperavi N, Morrastel N;

— 3 chineál maidir leis an dea-bholadh torthaíoch a chuireann siad ar fáil: Pinotage N, Nebbiolo N, Couston N.

Agus próifíl orgánaileipteach na bhfíonta TGFC sin á coinneáil ar bun, le cuimsiú na gcineálacha nua sin tugtar aghaidh ar roinnt ábhar imní atá ag na táirgeoirí:

— an comhshaol a chaomhnú agus oiriúnú don athrú aeráide;

— an líon cóireálacha fíteashláintíochta a laghdú agus costais oibriúcháin a laghdú;

— a áirithiú go mbeidh an méid a bhuantar níos tráthrialta agus nach mbeidh sí chomh spleách céanna ar bhrú lotnaidí.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Cineálacha fíonchaor'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Táirgeacht

Tuairisc

I gCaibidil 1 den tsonraíocht táirge, leasaíodh pointe 6 'Uastáirgeacht' chun an táirgeacht a mhéadú le haghaidh fhíonta an TGFC 'Pays des Bouches-du-Rhône' a bhfuil tásc forlíontach acu le haghaidh an aonaid gheografaigh níos lú 'Terre de Camargue' ó 90 hl/ha go 100 hl/ha le haghaidh fíonta dearga agus *rosé* agus go 120 hl/ha le haghaidh fíonta geala.

Is é 120 hl/ha fós an táirgeacht le haghaidh fhíonta an TGFC 'Pays des Bouches-du-Rhône' nach bhfuil aonad geografach níos lú acu i gcás fíonta dearga, *rosé* agus geala.

Níl aon tionchar ag an leasú seo ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear agus cuireann sé ar chumas na dtáirgeoirí táirgeacht laistigh den TGFC a chomhchuibhiú, agus cleachtais áitiúla á léiriú an tráth céanna.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglas maidir le dearbhú

Tuairisc

I gCaibidil 2, leasaíodh pointe 1 'Ceanglais dearbhaithe' chun an 31 Eanáir den bhliain tar éis na buainte a thabhairt mar an sprioc-am don dearbhú buainte agus/nó don dearbhú táirgthe. Is ionann na méideanna arna ndearbhú faoin dáta sin agus an t-uasmhéid atá incháilithe don TGFC.

Tá an sprioc-am sin chun an dearbhú buainte a chur san áireamh coiteann do gach TGFC sa réigiún agus tá sé beartaithe an deighleog TGFC a chobhsú ar an leibhéal réigiúnach agus soiléireacht níos fearr a áirithiú maidir leis na méideanna a chuirtear ar an margadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Údarás cigireachta

Tuairisc

I gCaibidil 3 den tsonraíocht táirge, simplíodh pointe 2, maidir le mionsonraí an chomhlachta cigireachta, chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas, arna dtarmligean ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO), arb í an t-údarás cigireachta í.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Pays des Bouches-du-Rhône'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1223-AM02 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Pays des Bouches-du-Rhône'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Déantar na fíonta geala tríd an bhfáscadh díreach de ghnáth. Is geal an dath a bhíonn orthu, dath lena ngabhann imireacha bríomhara 'scothghlasa', rud a thugann a n-úire le fios.

Dea-bholadh

Déantar na fíonta sin as cineálacha fíniúna áitiúla agus as cineálacha eile nach as an réigiúin iad, agus tá siad suntasach mar gheall ar a ndea-bholaithe bláthacha torthaíocha.

Blas

Tá siad suntasach mar gheall ar a mionbhlasanna bláthacha, torthaíocha, úra agus aramatacha.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is trí fháscadh díreach agus/nó maothú craicinn a fhaightear na fíonta *rosé*.

Déantar na fíonta sin go príomha as na cineálacha fíniúna Grenache N, Syrah N, Caladoc N, Cinsaut N, Cabernet Sauvignon N agus Merlot N, agus is minic a chuirtear fíonchaora geala leo nuair a chuirtear i ndabhach iad chun fíonta *rosé* cumaiscthe a tháirgeadh. Tá dath éadrom ach measartha bríomhar orthu, lena ngabhann imireacha bándearg domhain.

Dea-bholadh

Maidir leis an gcumhracht, tá dea-bholaithe léiritheacha de thorthaí dearga nó torthaí citris orthu.

Blas

Mar gheall ar theagmháil fhada idir an sú agus an laíon, cuirtear ar a chumas don sú níos mó réamhtheachtaithe blais a ionsú agus cuirtear le maothlachas an fhíona sa bhéal. Sa bhéal, tá na fíonta sin aramatach agus deas úr.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Na fíonta dearga, ar cumaisc iad de ghnáth, is féidir iad a bheith ina bhfíonta cineáil uaireanta (merlot N, cabernet N, Marselan N, syrah N, N sarenache N, etc). Mar gheall ar bhuaint a bhíonn go hiomlán aibí, ó thaobh na fiseolaíochta de agus maidir leis na feanóil sna torthaí, is féidir fíonta a fháil a mbíonn gnáthphróifíl Mheánmhuirí i gceist leo, a bhíonn láidir gan bheith crua agus ina mbíonn saintréithe ar leith.

Is ar dhath an ghairnéid a bhíonn na fíonta lena ngabhann imireacha corcra nuair a bhíonn siad úr, dath a athraíonn de réir a chéile i dtreo dearg níos doimhne agus iad ag dul in aois.

Dea-bholadh

Ó thaobh bolaidh de, is mór is féidir a shonrú iontu, bíonn mionbholaithe caschoillte nó mionbholaithe sáile orthu ag brath ar an gceantar, mar aon le mionbholaithe torthaí dearga a athraíonn de réir a chéile chun bheith ina ndea-bholaithe a thugann torthaí bruite chun cuimhne.

Blas

Déantar eastóscadh ar bhealach a fhágann go mbíonn struchtúir tainnine bhoga mhaothlacha ann, rud a fhágann dea-bhlas sa bhéal. Sa bhéal, bíonn siad beoga, láidir, flúirseach agus bíonn blas mín tainniní le brath freisin.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus sa Chód Iascaigh Tuaithe agus Muirí a chomhlíonadh.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta dearga, fíonta *rosé* agus fíonta geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	120
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Agiorgitiko N

— Alicante Henri Bouschet N

— Aligoté B

— Alphonse Lavallée N

— Aléatico N

— Aramon N

— Aramon Gris G

— Aranel B

— Arinarnoa N

— Arriloba B

— Artaban N

— Assyrtiko B

— Aubun N - Murescola

— Barbaroux Rs

— Bourboulenc B - Doucillon Blanc

— Brachet N - Braquet

— Brun Argenté N - Vaccarèse

— Cabernet Blanc B

— Cabernet Cortis N

— Cabernet Franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Caladoc N

— Calitor N

— Carignan N

— Carignan Blanc B

— Carmenère N

— Chardonnay B

— Chasan B

— Chasselas B

— Chasselas Rose Rs

— Chatus N

— Chenanson N

— Chenin B

— Cinsaut N - Cinsault

— Clairette B

— Clairette Rose Rs

— Clarin B

— Coliris

— Colombard B

— Cot N - Malbec

— Counoise N

— Couston N

— Egiodola N

— Fleurtai

— Floreal B

— Fuella Nera N

— Gamay Fréaux N

— Gamay N

— Gamay de Bouze N

— Gamay de Chaudenay N

— Ganson N

— Gewürztraminer Rs

— Gramon N

— Grenache N

— Grenache Blanc B

— Grenache Gris G

— Gros Manseng B

— Gros Vert B

— Jurançon Noir N - Dame Noire

— Lilaro N

— Liliorila B

— Listan B - Palomino

— Macabeu B - Macabeo

— Marsanne B

— Marselan N

— Mauzac Rose Rs

— Mayorquin B

— Melon B

— Merlot N

— Merlot Blanc B

— Meunier N

— Mollard N

— Monarch N

— Monerac N

— Montepulciano

— Morrastel N - Minustellu, Graciano

— Moschofilero Rs

— Mourvaison N

— Mourvèdre N - Monastrell

— Muscadelle B

— Muscardin N

— Muscaris B

— Muscat Ottonel B - Muscat, Moscato

— Muscat Cendré B - Muscat, Moscato

— Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato

— Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains blancs B - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains roses Rs - Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains rouges Rg - Muscat, Moscato

— Nebbiolo N

— Nero d'Avola N

— Nielluccio N - Nielluciu

— Négrette N

— Opalor

— Perdea B

— Petit Manseng B

— Petit Verdot N

— Picardan B - Araignan

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Pinot Noir N

— Pinotage N

— Piquepoul Blanc B

— Piquepoul Gris G

— Piquepoul Noir N

— Plant Droit N - Espanenc

— Portan N

— Prior N

— Riesling B

— Riminèse B

— Rosé du Var Rs

— Roussanne B

— Rousseli Rs

— Saperavi N

— Sauvignon B - Sauvignon Blanc

— Sauvignon Gris G - Fié Gris

— Sciaccarello N

— Selenor

— Semillon B

— Servanin N

— Sirano

— Solaris B

— Soreli B

— Souvignier Gris Rs

— Sylvaner B

— Syrah N - Shiraz

— Tannat N

— Tempranillo N

— Terret Gris G

— Terret Noir N

— Tibouren N

— Tourbat B

— Touriga Nacional N

— Téoulier N

— UD-31.125

— UD-55.100

— Ugni Blanc B

— Valdiguié N

— Verdejo B

— Vermentino B - Rolle

— Vidoc N

— Viognier B

— Voltis B

— Xarello B

— Xinomavro N

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear fíonta TGFC 'Pays des Bouches-du-Rhône' i mbardais uile roinn Bouches-du-Rhône, i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar na nithe seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Is i gcroílár Provence atá an roinn Bouches-du-Rhône suite. Tá achar 5 087 km² inti, agus tá abhainn an Róin ar an taobh thiar di, abhainn arb í roinn Le Gard a teorainn, agus tá Abhainn an Durance ar an taobh thuaidh, arb í a scarann ón roinn Le Vaucluse í. San oirthear, tá teorainn aici le roinn Le Var agus sa deisceart tá sí i dteorainn leis an Meánmhuir.

Tá éagsúlacht tírdhreach le fáil laistigh den roinn sin. I réigiún an iarthair, tá tírdhreacha réchnocacha aolchloiche Préalpes de Provence, a shíneann soir-siar. Is ann a leanann sliabhraonta la Trévaresse (501 m), l'Estaque agus l'Étoile (793 m), Montagne Sainte-Victoire (1 011 m), Saint-Cyr agus Sainte-Baume (1 041 m ar an taobh thiar) ceann i ndiaidh a chéile. Is iad gleannta Arc (abhantrach dhraenála Aix-en-Provence), Touloubre (Salon-de-Provence) agus Huveaune (Aubagne Marseille), machairí dríodair níos saibhre de mhéideanna éagsúla, a thrasnaíonn na sliabhraonta sin. San iarthar, tá machairí móra fairsinge timpeall na Alpilles. Faigheann Crau, atá suite ar an taobh theas de Arles-Salon-de-Provence, a chruth as clocha beaga a shil-leagtar ag iar-chomhchumar na Róine agus an Durance. Is limistéar é atá cosúil le steip sceirdiúil a bhfuil tionchar na gaoithe Mistral le sonrú ann, agus is sa Fhrainc amháin a fhaightear a leithéid. Is anaclann dúlra réigiúnach é deilt abhainn Camargue, áit a bhfuil fíonghoirt, féarach agus goirt ríse, mar aon le fána saibhir 400 speiceas éagsúil, lena n-áirítear eallach Camargue agus pórtha capall Camargue. Tá sliabhraon Alpilles sa chuid thuaidh de Bouches-du-Rhône, ón iarthar go dtí an t-oirthear, agus ina dhiaidh sin tá gleann Durance.

Bíonn ithreacha éagsúla ann, idir chré-aolchloch mhéarógach agus ghaineamh nó gairbhéal thar mholás agus gaineamhchloch. Droch-ithreacha ab ea iad, tá siad draenáilte go maith agus i mbaol creimthe. Tá na hithreacha éadomhain sin nach bhfuil róthais go hiomlán oiriúnach le haghaidh fíonsaothrúcháin.

Tá aeráid Mheánmhuirí ag roinn Bouches-du-Rhône, le huaireanta fada gréine de ghnáth. Bíonn an samhradh an-te agus an-tirim, agus bíonn an geimhreadh measartha séimh. Athraíonn an teocht ag brath ar an séasúr; Bíonn sí an-ard i gcaitheamh an tsamhraidh go háirithe, nuair a shroicheann sí 35° C go minic agus sin faoi dhíon. Is suntasach an mheándifríocht bhliantúil idir an teocht i gcaitheamh an lae agus i gcaitheamh na hoíche, go háirithe sa gheimhreadh, nuair a thiteann an teocht go tráthrialta san oíche agus a mbíonn sioc trom mar thoradh air. Bíonn an fhrasaíocht neamhrialta agus titeann sí go míchothrom i gcaitheamh na bliana. Is minic a bhíonn ceathanna troma baistí ann. Séideann an Mistral, gaoth thirim fhuar aduaidh, tuairim agus 100 lá in aghaidh na bliana, agus is minic a bhíonn na séideáin os cionn 100 km/h.

Is in Provence atá na fíonghoirt is ársa sa Fhrainc, agus iad os cionn 2 600 bliain d'aois. Tá clú agus cáil orthu as a gcuid fíonta *rosé* go háirithe.

Lean an fíonsaothrúchán dá rath sa roinn go dtí an 19ú haois, nuair a scrios fiollocsaeire beagnach gach fíonghort, seachas iad siúd in Camargue (a chuaigh faoi uisce).

Agus an earnáil fíonsaothrúcháin ag bailiú nirt óna cuid traidisiún, rinneadh athfhorbairt uirthi a bhuí leis an iarracht theicniúil agus airgeadais nach beag. Ó bhí 1907 ann, mhothaigh líon mór fíonsaothraithe gurbh éigean dóibh teacht le chéile chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhí rompu. Bunaíodh rialacha lena rialaítear cleachtais fhíoneolaíocha agus bhunaigh saothróirí comharchumainn agus ceardchumainn, a raibh feabhsuithe ar cháilíocht mar thoradh air.

Leagadh síos sainmhíniú reachtúil beacht ar 'vin de canton' (fíon canton) in 1964 chun aitheantas oifigiúil a thabhairt d'fhíonta atá ceangailte le limistéar riaracháin táirgeachta ina bhfuil sraith shonrach dálaí ithreach agus aeráide. Is le foraithne a athraíodh 'vins de canton' go 'vin de pays' (fíon réigiúnach) in 1968. Sainaithníodh fíonta réigiúnacha den chéad uair faoi ainm na roinne inar táirgeadh iad agus b'éigean dóibh a bheith comhréireach le critéir tháirgeachta ar leith lena gceanglaítear leibhéal níos airde cáilíochta. Fuair fíon Bouches-du-Rhône aitheantas oifigiúil ar dtús mar 'vin de pays', sular tháinig sé chun bheith ina thásc geografach faoi chosaint in 2011.

Táirgtear 'Pays des Bouches-du-Rhône' go príomha in dhá limistéar ar leith den roinn: tá an príomhlimistéar de réir méid táirgeachta (65-70 %), suite i lár oirthear na roinne, timpeall Aix-en-Provence, agus tá limistéar táirgeachta Camargue suite san iarthar, soir ó dheas ó Tarascon, lena gcumhdaítear bardais Arles agus Saintes-Maries-de-la-Mer. Cuirtear uathúlacht fhíonta an limistéir sin i bhfáth trí bhíthin an táisc 'Terre de Camargue': Tá an limistéar geografach sin tiomanta go heisiach do tháirgeadh fhíonta an TGFC 'Pays des Bouches-du-Rhône'.

Tá táirgeadh sa limistéar láir thoir (thart ar Aix), ar níos mó ithreacha cré-aolchloiche agus méarógacha, dírithe thar aon ní eile ar fhíonta cumaiscthe atá bunaithe den chuid is mó ar na cineálacha Grenache N, Syrah N, Carignan N, Merlot N agus Cabernet Sauvignon N. Tá na fíonta dearga, atá struchtúrtha go maith, éasca a ól, agus tá siad aramatach. Maidir leis an gcumhracht, is iondúil go mbíonn mionbholaithe scrobarnaí agus péine orthu, agus úire áirithe acu. Tá úire dhian ag na fíonta geala agus *rosé* ón limistéar sin, go háirithe má buanadh na fíonchaora ó dháileachtaí talún ina bhfuil difríocht shuntasach idir teochtaí i rith an lae agus teochtaí i rith na hoíche, toisc go spreagann sé sin réamhtheachtaithe blais a bheith sna fíonchaora. Is iad na cineálacha fíniúna gile Ugni Blanc B, Clairette B, Vermentino B, Bourboulenc B agus uaireanta Chardonnay B, a thugann dea-bholaithe bláthacha do na fíonta.

Tá aitheantas iontach forbartha ag limistéar táirgeachta Camargue, lena ithreacha gainmheacha nó gairbhéalacha fiú thar mholás agus gaineamhchloch, i measc fíonta cineáil bunaithe ar raon níos teoranta de chineálacha arb é is saintréith dóibh a n-acmhainneacht aramatach: Merlot N, Cabernet Sauvignon N, Caladoc N, Syrah N, Marselan N, Chardonnay B, Viognier B, Muscat à petits grains B, Chasan B agus Sauvignon B, mar aon le Arinarnoa N nó Petit Verdot N. Ar na hithreacha Camargue sin, mar gheall ar na hamanna measartha gearr maothaithe le haghaidh fíonta dearga, is féidir an 'blas torthaíoch' a chaomhnú agus fíonta is féidir a ól go héasca a tháirgeadh. Maidir leis an gcumhracht agus leis an mblas, is saintréithe de na fíonta sin iad mionbhlasanna salanda, a mbíonn úire shuntasach acu i gcónaí. Déantar rialú foirfe ar tháirgeadh fíona ghil agus *rosé* chun an úire agus na mionbhlasanna aramatacha míne a chaomhnú (trí mheascán de dháta buainte/aibíocht fheanólach a bhainistiú agus teocht fhionnuar a choinneáil ar bun).

Tá TGFC, 'Pays des Bouches-du-Rhône', bunaithe go príomha ar shaintréithe sonracha na bhfíonta atá nasctha le saintréithe an chomhshaoil nádúrtha (aeráid agus ithir).

Tá roinn Bouches-du-Rhône suite i réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur in oirdheisceart na Fraince. Tá tír-raon sléibhtiúil ann a chuireann machaire ar fáil a shíneann an bealach ar fad go dtí an fharraige. Tá aeráid Mheánmhuirí ann agus scrobarnach atá san fhásra den chuid is mó. Tá lorg an Mistral le sonrú air freisin, rud a d'fhéadfadh obair a dhéanamh níos deacra do na fíonsaothraithe ach a théann chun tairbhe do na fíonghoirt, á gcosaint ar ghalair fhungasacha agus, ar deireadh, ag cuir le saibhreas na bhfíonchaor trí thiúchain níos airde le linn na céime deiridh den aibiú a éascú.

Bíonn ithreacha éagsúla ann, idir chré-aolchloch mhéarógach agus ghaineamh nó gairbhéal thar mholás agus gaineamhchloch. Iad dea-dhraenáilte agus gan bheith róthais, oireann siad go dianmhaith don fhíonsaothrúchán.

Trí thairbhiú de na dálaí nádúrtha optamúla sin agus trí fhios a bheith acu conas na dáileachtaí talún is fearr a roghnú, bhí saothraithe in ann leas a bhaint as acmhainneacht cineálacha éagsúla fíniúna i réigiún ina bhfuil ithreacha ar minic bocht iad ach atá dea-dhraenáilte agus a oireann don fhíonsaothrúcháin. Mar thoradh ar ithreacha den sórt sin, mar aon le haeráid the thirim na Meánmhara, tá na dálaí aibiúcháin optamúla ann chun gur féidir príomh-dhea-bholaithe na gcineálacha fíniúna sin a chaomhnú, rud a fhágann fíonta ann a bhfuil úire shainiúil agus acmhainneacht aramatach i gceist leo. Dá bhrí sin, saintréith de na fíonta dearga úra so-ólta is ea go mbíonn dea-bholaithe torthaí dearga orthu, agus saintréith de na fíonta *rosé* is ea go mbíonn siad úr láidir agus go mbíonn dea-bholaithe bríomhara torthaí dearga nó torthaí citris orthu. Bíonn na fíonta geala úr agus cumhra, bláthach nó torthaíoch, agus is léir a n-úire.

Sa lá atá inniu ann, is é thart ar 50 000 hl táirgeacht bhliantúil fhíonta an TGFC 'Pays des Bouches-du Rhône'agus díolann 18 gcomharfhíonlann agus 88 bhfíonlann phríobháideacha iad. Fíonta *rosé* atá i mbeagnach 50 % den táirgeacht iomlán, fíonta dearga atá i mbeagán le cois 40 % den táirgeacht iomlán agus fíonta geala atá i mbeagán faoi bhun 10 % den táirgeacht iomlán.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Sonraí breise

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/an maolú

Ní féidir le méid na litreacha a úsáidtear le haghaidh an aonaid gheografaigh 'Terre de Camargue' a bheith níos mó, ar leithead nó ar airde, ná méid na litreacha a úsáidtear le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Pays des Bouches-du-Rhône'.

Ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad má chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de Pays' in ionad na bhfocal 'indication géographique protégée' [tásc geografach faoi chosaint].

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Maolú a bhaineann le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/an maolú

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus forbairt fhíonta an TGFC 'Pays des Bouches-du-Rhône', a d'fhéadfaí a fhorlíonadh le hainm an aonaid gheografaigh níos lú 'Terre de Camargue', cuimsítear na bardais seo a leanas sna ceantair a bhfuil teorainn acu leis an limistéar geografach, i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025:

I roinn Gard:

Aigaliers, Aigues-Mortes, Aigues-Vives, Aiguèze, Aimargues, Les Angles, Aramon, Argilliers, Arpaillargues-et-Aureillac, Aspères, Aubais, Aubord, Aubussargues, Aujargues, Bagnols-sur-Cèze, Baron, La Bastide-d'Engras, Beaucaire, Beauvoisin, Bellegarde, Belvézet, Bernis, Bezouce, Blauzac, Boissières, Bouillargues, Bourdic, La Bruguière, Cabrières, Le Cailar, Caissargues, La Calmette, Calvisson, La Capelle-et-Masmolène, Carsan, Castillon-du-Gard, Caveirac, Cavillargues, Chusclan, Clarensac, Codognan, Codolet, Collias, Collorgues, Combas, Comps, Congénies, Connaux, Cornillon, Crespian, Dions, Domazan, Estézargues, Flaux, Foissac, Fons, Fons-sur-Lussan, Fontanès, Fontarèches, Fournès, Fourques, Gajan, Gallargues-le-Montueux, Le Garn, Garons, Garrigues-Sainte-Eulalie, Gaujac, Générac, Goudargues, Le Grau-du-Roi, Issirac, Jonquières-Saint-Vincent, Junas, Langlade, Laudun-l'Ardoise, Laval-Saint-Roman, Lecques, Lédenon, Lirac, Lussan, Manduel, Marguerittes, Meynes, Milhaud, Montaren-et-Saint-Médiers, Montagnac, Montclus, Montfaucon, Montfrin, Montignargues, Montmirat, Montpezat, Moulézan, Moussac, Mus, Nages-et-Solorgues, Nîmes, Orsan, Parignargues, Le Pin, Pont-Saint-Esprit, Pougnadoresse, Poulx, Pouzilhac, Pujaut, Redessan, Remoulins, Rochefort-du-Gard, Rodilhan, Roquemaure, La Roque-sur-Cèze, La Rouvière, Sabran, Saint-Alexandre, Sainte-Anastasie, Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-André-d'Olérargues, Saint-Bauzély, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Chaptes, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Clément, Saint-Côme-et-Maruéjols, Saint-Dézéry, Saint-Dionisy, Saint-Étienne-des-Sorts, Saint-Geniès-de-Comolas, Saint-Geniès-de-Malgoirès, Saint-Gervais, Saint-Gervasy, Saint-Gilles, Saint-Hilaire- d'Ozilhan, Saint-Hippolyte-de-Montaigu, Saint-Julien-de-Peyrolas, Saint-Laurent-d'Aigouze, Saint-Laurent-de-Carnols, Saint-Laurent-des-Arbres, Saint-Laurent-la-Vernède, Saint-Mamert-du-Gard, Saint-Marcel-de-Careiret, Saint-Maximin, Saint-Michel-d'Euzet, Saint-Nazaire, Saint-Paul-les-Fonts, Saint-Paulet-de-Caisson, Saint-Pons-la-Calm, Saint-Quentin-la-Poterie, Saint-Siffret, Saint-Victor-des-Oules, Saint-Victor-la-Coste, Salazac, Salinelles, Sanilhac-Sagriès, Sauveterre, Sauzet, Saze, Sernhac, Serviers-et-Labaume, Sommières, Souvignargues, Tavel, Théziers, Tresques, Uchaud, Uzès, Vallabrègues, Vallabrix, Vallérargues, Valliguières, Vauvert, Vénéjan, Verfeuil, Vergèze, Vers-Pont-du-Gard, Vestric-et-Candiac, Villeneuve-lès-Avignon, Villevieille.

I roinn Vaucluse:

Ansouis, Apt, Auribeau, Avignon, La Bastide-des-Jourdans, La Bastidonne, Beaumettes, Beaumont-de-Pertuis, Bédarrides, Bollène, Bonnieux, Buoux, Cabrières-d'Aigues, Cabrières-d'Avignon, Cadenet, Caderousse, Camaret-sur-Aigues, Caseneuve, Castellet-en-Luberon, Caumont-sur-Durance, Cavaillon, Châteauneuf-de-Gadagne, Châteauneuf-du-Pape, Cheval-Blanc, Courthézon, Cucuron, Gargas, Gignac, Gordes, Goult, Grambois, Grillon, L'Isle-sur-la-Sorgue, Jonquerettes, Jonquières, Joucas, Lacoste, Lagarde-d'Apt, Lagarde-Paréol, Lagnes, Lamotte-du-

Rhône, Lapalud, Lauris, Lioux, Lourmarin, Maubec, Ménerbes, Mérindol, Mirabeau, Mondragon, Morières-lès-Avignon, Mornas, La Motte-d'Aigues, Murs, Oppède, Orange, Pertuis, Peypin-d'Aigues, Piolenc, Le Pontet, Puget, Puyvert, Richerenches, Robion, Roussillon, Rustrel, Saignon, Sainte-Cécile-les-Vignes, Saint-Martin-de-Castillon, Saint-Martin-de-la-Brasque, Saint-Pantaléon, Saint-Saturnin-lès-Apt, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Sannes, Saumane-de-Vaucluse, Sérignan-du-Comtat, Sivergues, Sorgues, Taillades, Le Thor, La Tour-d'Aigues, Travaillan, Uchaux, Valréas, Fontaine-de-Vaucluse, Vaugines, Vedène, Viens, Villars, Villelaure, Violès, Visan, Vitrolles-en-Lubéron.

I roinn Alpes-de-Haute-Provence:

Aubenas-les-Alpes, Aubignosc, Authon, Banon, Bayons, Bellaffaire, Bevons, La Brillanne, Le Caire, Céreste-en-Luberon, Château-Arnoux-Saint-Auban, Châteaufort, Châteauneuf-Miravail, Châteauneuf-Val-Saint-Donat, Clamensane, Claret, Corbières-en-Provence, Cruis, Curbans, Curel, Dauphin, Entrepierres, L'Escale, Faucon-du-Caire, Fontienne, Forcalquier, Ganagobie, Gigors, L'Hospitalet, Lardiers, Limans, Lurs, Mallefougasse-Augès, Mane, Manosque, Melve, Mison, Montfort, Montfuron, Montjustin, Montlaux, Montsalier, La Motte-du-Caire, Nibles, Niozelles, Noyers-sur-Jabron, Les Omergues, Ongles, Oppedette, Peipin, Peyruis, Piégut, Pierrerue, Pierrevert, Redortiers, Reillanne, Revest-des-Brousses, Revest-du-Bion, Revest-Saint-Martin, La Rochegiron, Sainte-Croix-à-Lauze, Saint-Étienne-les-Orgues, Saint-Geniez, Saint-Maime, Saint-Martin-les-Eaux, Saint-Michel-l'Observatoire, Sainte-Tulle, Saint-Vincent-sur-Jabron, Salignac, Saumane, Sigonce, Sigoyer, Simiane-la-Rotonde, Sisteron, Sourribes, Thèze, Turriers, Vachères, Valavoire, Valbelle, Valernes, Vaumeilh, Venterol, Villemus, Villeneuve, Volonne, Volx.

I roinn Var:

Aiguines, Artignosc-sur-Verdon, Artigues, Aups, Bandol, Barjols, Baudinard-sur-Verdon, Bauduen, Le Beausset, Belgentier, Besse-sur-Issole, Bormes-les-Mimosas, Bras, Brignoles, Brue-Auriac, Cabasse, La Cadière-d'Azur, Camps-la-Source, Carcès, Carnoules, Carqueiranne, Le Castellet, La Celle, Châteauvert, Collobrières, Correns, Cotignac, La Crau, Cuers, Entrecasteaux, Esparron, Évenos, La Farlède, Flassans-sur-Issole, Forcalqueiret, Fox-Amphoux, La Garde, Garéoult, Ginasservis, Gonfaron, Hyères, Le Lavandou, La Londe-les-Maures, Mazaugues, Méounes-lès-Montrieux, Moissac-Bellevue, Montfort-sur-Argens, Montmeyan, Nans-les-Pins, Néoules, Ollières, Pierrefeu-du-Var, Pignans, Plan-d'Aups-Sainte-Baume, Pontevès, Pourcieux, Pourrières, Le Pradet, Puget-Ville, Régusse, Le Revest-les-Eaux, Rians, Riboux, Rocbaron, La Roquebrussanne, Rougiers, Saint-Antonin-du-Var, Saint-Cyr-sur-Mer, Sainte-Anastasie-sur-Issole, Saint-Julien, Saint-Mandrier-sur-Mer, Saint-Martin-de-Pallières, Saint-Maximin-la-Sainte-Baume, Saint-Zacharie, Les Salles-sur-Verdon, Sanary-sur-Mer, Seillons-Source-d'Argens, La Seyne-sur-Mer, Signes, Sillans-la-Cascade, Six-Fours-les-Plages, Solliès-Pont, Solliès-Toucas, Solliès-Ville, Tavernes, Le Thoronet, Toulon, Tourtour, Tourves, Le Val, La Valette-du-Var, Varages, La Verdière, Vérignon, Vinon-sur-Verdon, Vins-sur-Caramy.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-e6973094-a6eb-4fa8-8e7a-778e5761fd19